www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

ADVANCED SUBSIDIARY (AS)
General Certificate of Education
January 2013

# Irish

## Assessment Unit AS 2

### Section A

*assessing*

### Listening

**[AI121]**

**FRIDAY 11 JANUARY, MORNING**

# TRANSCRIPT

**GCE Recording instructions**

☐ Indicates track break

Each piece heard once only

www.xtrapapers.com

Northern Ireland Council for the Curriculum, Examinations and Assessment
General Certificate of Education, January 2013
Irish, Assessment Unit 2
Advanced Subsidiary,
Listening

Read each question carefully. Listen to the recording and write your answer in the space provided.

Make sure that you have clearly understood the instructions given on the front page of the question paper before you begin the examination.

Question 1

Bás Mick Lally

Fuair Mick Lally, duine de na haisteoirí ab fhearr agus ba cháiliúla in Éirinn, bás ar an aonú lá is tríocha de mhí Lúnasa 2010 agus é trí scór agus ceithre bliana d'aois. Rugadh i gContae Mhaigh Eo é, agus chaith sé sé bliana ag teagasc i gCeardscoil i dTuaim ó 1969 go dtí 1975. Deirtear gur mhúinteoir den scoth é. Gaeilge agus Stair na hábhair a theagasc sé. Deir na múinteoirí a bhíodh ag teagasc ina chuideachta an t-am sin go mbíodh sé i gcónaí díograiseach ina chuid oibre. Spreag sé a chuid scoláirí le páirt a ghlacadh i gcuid mhaith comórtas mar atá Slógadh, Féilte na Scoildrámaíochta, Díospóireachtaí Gael Linn agus Feis Cheoil an Iarthair. Is iomaí duais a bhain na scoláirí sna comórtais éagsúla ar ghlac siad páirt iontu, ina measc siúd Craobh na hÉireann san Agallamh Beirte.

Cé gur mhúinteoir den scoth é, is mar aisteoir den scoth a bhain sé clú amach dó féin. D'éirigh sé as an mhúinteoireacht sa bhliain 1975 agus chuaigh sé leis an aisteoireacht. Deireadh sé i gcónaí gurbh í an aisteoireacht an rud ba thábhachtaí dó. Cé go raibh tuarastal maith á shaothrú aige mar mhúinteoir i dTuaim, bhí a fhios aige gur mhaith leis bheith ina aisteoir.

www.xtrapapers.com

Ní raibh sé furasta dó ag an tús agus ba mhinic ar an ghannchuid é. Ach de réir a chéile d'aithin daoine go raibh bua na haisteoireachta aige. Níorbh fhada gur bhunaigh sé compántas drámaíochta. Sa bhliain 1980 d'éirigh leis príomhról a fháil sa dráma *Translations* le Brian Friel.

Cainteoir líofa Gaeilge a bhí ann agus ghlac sé páirt i roinnt scannán Gaeilge ar nós *Poitín* agus *Misteach Bhaile Átha Cliath.* Ach is fearr an aithne a bhí ag pobal na hÉireann air mar gheall ar an ról mar Miley Byrne, an feirmeoir a bhí pósta ar Biddy sa sobaldráma *Glenroe*, a bhíodh ar RTÉ sna hochtóidí agus sna nóchaidí.

Cailliúint ollmhór é don drámaíocht, don scannánaíocht agus, thar rud ar bith eile, dá bhean Peggy agus dá pháistí Saileog, Darach agus Maghnus. Ar dheis Dé go raibh a anam uasal.

www.xtrapapers.com

Question 2

Baineann cuid mhaith daoine sult as cúpla deoch alcóil gan fadhb ar bith agus, in amanna, is rud sláintiúil é cúpla deoch a ól. Tarlaíonn na fadhbanna, áfach, nuair a bhíonn duine ag ól alcóil go minic thar thréimhse fhada ama. Ní hé amháin go ndéanann an duine dochar dó féin, ach tig le drochthionchar bheith aige ar chaidrimh le daoine eile. Tig leis fadhbanna sóisialta eile ar nós mí-úsáid drugaí crua agus gadaíochta a chothú.

Fuair breis agus céad daichead duine bás de dheasca mhí-úsáid alcóil i dTuaisceart Éireann sa bhliain 1994. Anuraidh fuair dhá chéad ochtó duine bás de dheasca mhí-úsáid alcóil. Is cosúil go raibh breis agus ocht míle duine ag barda na dtimpistí sa bhliain chéanna mar gheall ar ghortuithe a bhain le mí-úsáid alcóil. Ghabh na póilíní thar chúig chéad eile mar gheall ar ionsaithe foréigneacha. Is olc an scéal é.

Tá a fhios ag gach duine go gcothaíonn oíche amháin ólacháin drochéifeachtaí ar nós tinneas cinn agus tinneas goile. Is iad na drochéifeachtaí fadtéarmacha is mó, áfach, a chuireann buaireamh ar na dochtúirí. Tig le mí-úsáid alcóil thar thréimhse fhada ama dochar mór a dhéanamh do shláinte an duine. Cothaíonn mí-úsáid alcóil thar thréimhse fhada ama cailliúint cuimhne, cineálacha áirithe ailse, fadhbanna croí agus fadhbanna ae.

Cé go bhfuil fadhb mhór againn i dTuaisceart Éireann, is cosúil gur measa an scéal in Albain. Tá rialtas na hAlban ag iarraidh dul i ngleic leis an fhadhb ólacháin atá ann sa tír. Mhol Aire Sláinte na hAlban go gcosnódh gach aonad alcóil, cúig phingin is daichead. Deir sí go mbeadh sé níos deacra do dhaoine óga é a cheannach agus go gcuideodh sé leis an fhadhb a réiteach. Dá mbeadh cúig phingin is daichead ar gach aonad alcóil, chosnódh beoir láidir agus fíon úll dhá oiread níos mó ná an praghas atá orthu faoi láthair.

www.xtrapapers.com

Is cosúil go bhfuil Comhrialtas Thuaisceart Éireann ag smaoineamh ar a leithéid a dhéanamh anseo.

Pléifidh an Comhrialtas an moladh seo roimh i bhfad. Idir an dá linn, tá Aire Sláinte Thuaisceart Éireann ag iarraidh ar na hollmhargaí deireadh a chur le lacáistí móra a bhíonn acu ar alcól chun an fhadhb a mhaolú.

*Arna chóiriú as suíomh Idirlín Public Health Agency: Know Your Limits 10/09/10 agus as suíomh Idirlín Guardian.co.uk 02/09/10*

This is the end of the recording.